Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Samhain 2018
(OR. en)

14181/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0236(COD)**

| | |
|---|---|
| **ESPACE 63** | **MI 822** |
| **RECH 483** | **ENER 372** |
| **COMPET 763** | **EMPL 527** |
| **IND 337** | **CSC 321** |
| **EU-GNSS 26** | **CSCGNSS 10** |
| **TRANS 533** | **CSDP/PSDC 649** |
| **AVIATION 149** | **CADREFIN 343** |
| **MAR 166** | **CODEC 1971** |
| **TELECOM 397** | |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9898/18 + ADD 1-4 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán do Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 29 agus an 30 Samhain 2018*<br>Rialachán lena mbunaítear clár spáis an Aontais (an chéad léamh)<br>*- Malartú tuairimí* |

**RÉAMHRÁ**

Tá teicneolaíocht, sonraí agus seirbhísí spáis ríthábhachtach anois i saol laethúil na nEorpach. Tacaíonn an spás le go leor beartais agus tosaíochtaí straitéiseacha san Aontas. Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag an spás chun dul i ngleic le dúshláin amhail an t-athrú aeráide, forbairt inbhuanaithe, rialú ag teorainneacha, faireachas muirí agus slándáil shaoránaigh an Aontais.

Tá na samhlacha tionsclaíochta spáis traidisiúnta á n-athrú ó bhonn de bharr teacht chun cinn gníomhaithe nua agus forbairt teicneolaíochtaí nua. Tá sé sárthábhachtach go mbeidh an tAontas chun tosaigh go hidirnáisiúnta, le rochtain uathrialaitheach ar an spás agus neamhspleáchas teicneolaíoch, a spreagann forbairt eolaíoch agus theicniúil, agus a thacaíonn leis an iomaíochas agus acmhainneachtaí nuálaíochta thionscal spáis an Aontais (go háirithe FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnóthaí nuálacha).

## I. **DRÉACHT-TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN LENA MBUNAÍTEAR CLÁR SPÁIS AN AONTAIS**

Is cuid den obair leantach ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis spáis don Eoraip (SSE) é an togra ón gCoimisiún lena mbunaítear clár spáis an Aontais atá faoi chaibidil faoi láthair. Tá an togra comhréitigh ón Uachtaránacht is déanaí le feiceáil in 13987/18 ADD a léirítear an staid mar atá faoi láthair ann. Le linn na caibidlíochta, tháinig sé chun solais go raibh gá le hionchur ardleibhéal polaitiúil maidir le trí phríomh-shaincheist, atá bunriachtanach chun beartas Eorpach spáis atá nithiúil agus éifeachtach a chur chun feidhme, eadhon rialachas, rochtain uathrialaitheach ar an spás agus fiontraíocht agus deiseanna nua gnó a chothú.

*a) Rialachas*

Tá an dea-rialachas mar cheann de dhearbhphrionsabail chun cur chun feidhme an chláir spáis agus SSE a áirithiú. Ba cheart róil an Choimisiúin, na mBallstát, Ghníomhaireacht an Aontais i bPrág agus Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GSE), mar aon le gach geallsealbhóir ábhartha eile, agus an caidreamh eatarthu, a shainaithint agus a shainmhíniú go soiléir. Tá an caidreamh idir an tAontas agus GSE fós mar bhunchloch le go mbeidh rath ar an gclár agus is comhartha láidir é an rún chun "An Chomhairle Spáis" mar a thugtar uirthi, a athbhunú i dtaca leis an gcomhar neartaithe idir an dá ghníomhaí. Molann an Coimisiún comhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais a chur i gcrích le gníomhaireacht an Aontais agus GSE lena rialófaí an caidreamh airgeadais idir na trí ghníomhaí sin agus lena n-áiritheofaí comhsheasmhacht, agus ar an gcaoi sin an caidreamh eatarthu a shruthlíniú agus a dhéanamh níos éifeachtúla.

b) *Rochtain ar an spás*

Léirítear in SSE go bhfuil "rochtain uathrialaitheach ar an spás" mar cheann amháin de na spriocanna atá le saothrú. Tá an tAontas ar an gcéad chustaiméir institiúideach ar na lainseálaithe Eorpacha, agus mar sin is gníomhaí ríthábhachtach beartais tionsclaíoch é i ndáil leis na samhlacha beartaithe gnó. Sa 10-15 bliana amach romhainn, tá sé de rún ag an Aontas breis is 30 satailít dá gcláir Galileo agus Copernicus a lainseáil, go háirithe in aicme na lainseálaithe a thógfar san Eoraip amhail Ariane 6 agus Vega C. Is eilimint chriticiúil iad seirbhísí lainseála cheana féin i ndáil le Copernicus agus Galileo a chur chun feidhme. Measfar go cúramach bearta iomchuí chun rochtain uathrialaitheach ar an spás a chomhdhlúthú agus saineofar a n-imlíne go soiléir.

In SSE, léiríonn an Coimisiún bearta amhail éileamh ar sheirbhísí lainseála a chomhbhailiú, tacú le hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta, agus measfaidh sé bealaí chun tacú le saoráidí bonneagair lainseála nuair is gá sin chun cuspóirí nó riachtanais bheartais de chuid an Aontais a bhaint amach.

c)*Fiontraíocht agus deiseanna nua gnó a chothú*

Tá gníomhaíochtaí spáis ag éirí níos oscailte don infheistíocht phríobháideach i réimsí na cumarsáide satailíte, faire na cruinne agus fiú lainseálaithe. Tá an spás anois mar chuid den slabhra luacha domhanda a mheallann a thuilleadh cuideachtaí nua agus fiontraithe ('an Spás Nua' mar a thugtar air), agus teorainneacha traidisiúnta in earnáil an spáis á sárú acu. Le húsáid sonraí, faisnéis agus seirbhísí spáis, i dteannta le foinsí eile faisnéise, tá an-chuid deiseanna ann chun feidhmchláir agus seirbhísí iartheachtacha nua a fhorbairt. Mar thoradh air sin beidh deiseanna nua ann chun táirgí, seirbhísí agus próisis nuálacha a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe na tionsclaíochta i ngach Ballstát, a chruthóidh acmhainneachtaí nua agus a chuirfidh luach le hearnáil an spáis agus lasmuigh di. Tá gá le bearta cumasúcháin agus le fothú acmhainní sna Ballstáit uile agus ar an leibhéal Eorpach chun an t-éiceachóras ceart agus timpeallacht fhabhrach rialála agus gnó a chruthú.

## III. CEISTEANNA DON DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS

Iarrtar ar na Ballstáit tuairimí a mhalartú maidir leis na trí cheist seo a leanas d'fhonn ionchur polaitiúil a thabhairt i ndáil leis an gcaibidlíocht a leanúint ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena mbunaítear clár spáis an Aontais:

| | |
|---|---|
| ***Ceist 1:*** | ***Cad iad na príomhphrionsabail rialachais chun cuspóirí chlár spáis an Aontais a bhaint amach?*** |
| ***Ceist 2:*** | ***Cén dlús agus treoir pholaitiúil a bheadh ag teastáil chun rochtain uathrialaitheach ar an spás, neamhspleáchas teicneolaíoch agus tapú na ndeiseanna a thugtar leis "an Spás Nua" a áirithiú d'fhonn tionscal Eorpach spáis atá iomaíoch a chothabháil agus a fheabhsú?*** |
| ***Ceist 3:*** | ***Conas éiceachóras spáis agus samhail nua ghnó a chothú a thabharfaidh an spáis chun talún agus an áis sin a úsáid chun tairbhe shaoránaigh an Aontais? Conas a d'fhéadfaí feabhas breise a chur ar mhargaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun tacú le FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbairt agus chun iomaíochas thionscal an Aontais ar fud an domhain a mhéadú?*** |